Gaelscoil Chaobh na Coille

# Gaelscoil Thaobh na Coille

Nuachtlitir

Feabhra
17/02/2026






## Focal ón bPríomhoide

Nach tapaidh mar atá na laethannta agus na míonna ag dul thar bráid. Níl fágtha i ndiaidh an bhriseadh meántéarma ach cúig seachtainí go briseadh na Cásca, agus briseadh Lá le Pádraig istigh ina lár! Tá go leor imeachtaí éagsúla ag tarlú idir seo agus sin dá bhrí sin bíodh do dhialann ré agat leis na dátaí & imeachtaí a bhaineann leatsa a chlárú inti.

*How quickly the days and months are flying by. After the mid-term break, there are only five weeks left until the Easter break, and St. Patrick's Day break is right in the middle of those! There are lots of different events happening between now and then, so make sure you have your diary ready to record any dates & events that pertain to you.*

Is mise, le meas

Príomhoide

## Clár na Lónta Te Scoile Hot School Lunches Programme

Tá ag éirí go han-mhaith le clár na lónta te scoile go dtí seo. Táimid an-shásta leis an t-seirbhís atá á chur ar fáil ag Nourish + Green agus is léir ó bheith ag caint leis na páistí go bhfuil siadsan an-shásta leis na lónta blasta atá á fháil acu. Bíonn na boscaí lón glanta, ite go hiomlán don chuid is mó agus is beag bia atá á chur amú.

Táimid an-bhuíoch go bhfuil daltaí uile na scoile ag glacadh leis na lónta te. Mar a luadh cheana déanfaidh na páistí cibé rud atá á dhéanamh ag a gcomhghleacaithe agus mar go bhfuil na lónta te á ithe ag gach duine déanann sé an saol i bhfad níos éasca orainn go léir - daltaí, foireann agus tuismitheoirí araon.

*The school hot lunch programme is going very well so far. We are very happy with the service being provided by Nourish + Green, and it is clear from talking to the children that they are very happy with the tasty lunches they are receiving. The lunches are being eaten and thankfully there is very little food waste.*

*We are delighted that the pupils have embraced the hot lunches so positively. As mentioned before, children will do whatever their peers are doing, and because everyone is eating the hot lunches, it makes life much easier for all of us – pupils, staff, and parents alike.*



## Polasaí Bia Sláintiúil

Cuirfimid i gcuimhne daoibh go bhfuil polasaí bia sláintiúil i bhfeidhm sa scoil. Meallaimíd na daltaí le bia sláintiúil ar nós torthaí & glasraí a ithe mar chuid den lón scoile. Iarrtar ar na daltaí torthaí nó glasraí amháin a ithe ag am sosa agus an lón te scoile a ithe ag am lóin.

Ní ceadaítear milseáin, seacláid, crispí, brioscaí nó deochanna milse a bheith ag na páistí mar chuid den lón scoile. **Tá cosc ar cnónna/bia le cnónna** mar chuid den lón mar go bhfuil ailléirge ag roinnt daltaí sa scoil le cnónna.


## Healthy Eating Policy

We remind you that the school has a healthy eating policy. We encourage the children to eat healthy foods such as fruits and vegetables as part of their school lunch. The children are asked to eat fruit and vegetables at break time, with the hot lunch being eaten at lunch time!

Children are not permitted to have sweets, chocolate, crisps, biscuits, or sugary drinks as part of their school lunch. **Nuts & foods containing nuts are not permitted** in school as several children in the school suffer from severe nut allergies.




*Faith Charmant*




*Sophia Búsek*



*Oscar Mac Gabhann*

## Sacraimintí Reiligiúnda

Tá ullmhúchán don chóineartú faoi lán tseoil thuas staighre i rang a sé. Bhí Searmanas an tSolais ar siúl i Séipéal Mhuire ar an Déardaoin seo caite agus beidh an Cóineartú á dhéanamh acu i ndiaidh na Cásca ar an gCéadaoin 22 Aibreán ag 11:30.

Tá daltaí R2 ag ullmhú faoi láthair don Chéad Fhaoistin a bheidh ar siúl ar an Déardaoin 5ú Márta ag 18:45. Glacfaidh siad an Chéad Chomaoineach ar an Satharn 23 Bealtaine ag 10:00.

## Religious Ceremonies

*Preparations for Confirmation are in full swing upstairs in sixth class. The Ceremony of Light took place in St. Mary's Church last Thursday, and they will make their Confirmation after Easter on Wednesday, April 22 at 11:30.*

*The pupils in R2 are currently preparing for their First Confessions, which will take place on Thurs March 5 at 18:45. They will receive their First Communion on Sat May 23 at 10:00.*







*Saothair Ealaíne R1B—Mo Chat*












## Feachtas um Shábháilteacht Bóthar

Ghlac daltaí rang a 5 agus rang a 6 páirt i i bhfeachtas feasachta ar shábháilteacht bóthar i gcomhar le daltaí ó Bhunscoil Oideachas le Chéile na Céime, an Garda Síochána agus an RSA, ar na bóithre lasmuigh den dá scoil ar an Mháirt 20 Eanáir ó 1:00pm go 2:30pm. Ba é an aidhm a bhí leis an léirsiú ná a chur i gcuimhne do thuismitheoirí agus do thiománaithe eile gur cá dóibh a bheith aireach, cúramach agus iad an tiomáint agus gan saol aon pháiste, aon choisí nó rothaí a chur i mbaol.

Dhear na daltaí póstaeir chun na príomh theachtaireachtaí a chur in iúl:

- Bí aireach
- Tiomáin go mall agus go cúramach
- Caith do chrios sábhála
- Ná bí ar an bhfón nuair atá tú ag tiomáint

## Road Safety Campaign

*The pupils in 5th and 6th class took part in a road safety awareness campaign in collaboration with pupils from Stepaside ETNS, an Garda Síochána, and the RSA, on the roads outside the school on Tuesday, January 20th from 1:00 pm to 2:30 pm. The aim of the demonstration was to remind parents and other drivers to be careful while driving in and around the estate and not to endanger the lives of children, pedestrians, or cyclists.*

*The students designed posters conveying the following messages:*

- *Be alert*
- *Drive slowly and carefully*
- *Wear your seatbelt*
- *Don't be on the phone while driving*









## An Grúpa Ceoil

Tá breis is 70 páiste againn sa Ghrúpa Ceoil i mbliana agus tá ag éirigh go hiontach leo. Buailimid le chéile gach Céadaoin i halla na scoile agus tá neart imeachtaí ag teacht aníos dúinn go luath. Ar an gCéadaoin bheag seo (18/02) beidh Scoil Naithí ag teacht go Gaelscoil Thaobh na Coille le haghaidh seisiúin cheoil. Seo ár gcéad seisiúin i mbliana agus táimid ag súil go mór leis. Chomh maith le sin beimíd ag glacadh páirte i gCórfhéile na Scoileanna ar an gCéadaoin an ceathrú lá de mhí Márta. Ní hamháin go mbeidh an Grúpa Ceoil rannpháirteach i mbliana ach beidh grúpa ó rang a trí agus rang a haon in éineacht linn chomh maith. Gabhaimid gach buíochas leis na múinteoirí ar fad a thugann cabhair dúinn leis an ngrúpa ceoil.

*Eavan Ní Mhuirgheasa*

## An Grúpa Ceoil

*This year we have more than 70 children in the Grúpa Ceoil and the group is thriving. We meet every Wednesday in the school hall to practice and have plenty of upcoming events to focus on. This coming Wednesday (18/02) we will welcome the Grúpa Ceoil from Scoil Naithí to our first seisiúin cheoil of the year. We are really looking forward to it. We will also be participating in Córfhéile na Scoileanna on Wednesday the 4th of March. The Grúpa Ceoil will be joined at the Córfhéile this year by rang a haon and rang a trí who will also be performing on the night. Míle buíochas to all the múinteoirí who are involved and help out with the grúpa ceoil.*

*Eavan Ní Mhuirgheasa*







## Ranganna Gleacaíochta

D'fhostaigh an scoil seirbhísí 'School Fitness Ireland' chun cúrsa sé seachtaine i ngleacaíocht bhunúsach a reáchtáil do dhaltaí R1 go R4. Bhain na daltaí an-taithneamh agus tairbhe as na seisiúin seo agus chuir sé go mór leis an gclár corpoideachas scoile. Táimid thar a bheith buíoch don mhúinteoir Sam ó 'School Fitness Ireland' a bhí mar chóitseálaí againn. Bhí sé ar fheabhas ar fad agus cé go ndúirt sé ar an gcéad lá gur beag Gaeilge a bhí aige, is i nGaeilge ar fad a mhúin sé na ranganna! Tá ard-mholadh toillte aige. Buíochas freisin leis an mBord Bainistíochta a chlúdaigh costas iomlán na seirbhíse seo.

## Gymnastics Classes

*The school engaged the services of 'School Fitness Ireland' to run a six-week course in basic gymnastics for pupils of R1 to R4. The pupils thoroughly enjoyed these sessions and benefitted greatly from them. The programme complimented and enhanced the school's physical education curriculum. We are extremely grateful to Sam, the coach from 'School Fitness Ireland'. He was excellent and although he said on the first day that he only had a little bit of Irish, he went on to teach the classes entirely as Gaeilge. Maith thú, Sam. Thanks also to the Board of Management who covered the full cost of this service.*









**18/02/2026**

## Seisiún Ceoil Idirscoile

Tiocfaidh Grúpa Ceoil Ghaelscoil Thaobh na Coille agus Grúpa Ceoil Scoil Naithí le chéile ar an gCéadaoin seo le seisiún ceoil a bheith acu anseo i nGaelscoil Thaobh na Coille.

## Interschools Music Session

*Gaelscoil Thaobh na Coille's Grúpa Ceoil and Scoil Naithí's Grúpa Ceoil will come together this Wednesday for a music session here in Gaelscoil Thaobh na Coille.*




**04/03/2026**

## Ceoldráma - Gaelcholáiste an Phiarsaigh

Beidh daltaí R5A & R5B ag freastal ar cheoldráma na hidirbhliana i nGaelcholáiste an Phiarsaigh ag 11:00. Ar Thóir na Siúrach (nó Sister Act) atá á chur i láthair acu. Má tá fonn ar éinne eile freastal ar na seó tá an seó oscailte don phobal ar an gCéadaoin 4 Márta & an Déardaoin 5 Márta ag 19:30. Is féidir ticéid a cheannach trí dhul i dteagmháil le hoifig Ghaelcholáiste an Phiarsaigh ag muireann@gaelcholaiste.com.

## Musical - Gaelcholáiste an Phiarsaigh

*The pupils of R5A & R5B will attend Gaelcholáiste an Phiarsaigh's transition year musical at 11:00. They are putting on 'Ar Thóir na Siúrach' (or Sister Act). If anyone else wishes to go and see this show, there are 2 performances that are open to the public, one on Wednesday March 4 & another on Thursday, March 5 at 19:30. Tickets can be purchased by contacting Gaelcholáiste an Phiarsaigh directly at* muireann@gaelcholaiste.com.

**04/03/2026**

## Córfhéile na Scoileanna

Beidh Córfhéile na Scoileanna ar siúl ar an gCéadaoin 04 Márta sa Lárionad Náisiúnta Cispleile i dTamhlachta ag 19:30. Beidh Grúpa Ceoil na Scoile, Grúpa Ceoil R3A & R3B agus Amhránaithe R1A & R1B ag glacadh páirte sa Chórfhéile i mbliana. Deis iontach í seo do na páistí cur i láthair a dhéanamh ar stáite den obair iontach atá á dhéanamh acu ar an gceol ar scoil. Bí cinnte go bhfuil an dáta sin sa dialann.




## Córfhéile na Scoileanna

*Córfhéile na Scoileanna will take place on Wednesday, March 4th in the National Basketball Arena in Tallaght at 19:30. The Grúpa Ceoil Scoile, Grúpa Ceoil R3A & R3B, and R1A & R1B Singers will be participating in this year's Córfhéile. This is a great opportunity for the children to showcase the wonderful work they are doing in music at school. Make sure to mark this date in your diary.*

**05/03/2026**

## Lá Domhanda na Leabhar

Beidh Lá Domhanda na Leabhar ar siúl ar a Déardaoin, 5 Márta. Ceadaítear do na daltaí daltaí teacht ar scoil an lá sin gléasta mar charachtar ó cheann de na leabhair léitheoireachta is fearr leo.

## World Book Day

*World Book Day takes place on Thursday 5$^{th}$ March. The pupils are allowed and encouraged to come to school on that day dressed up as a character from one of their favourite books.*






**13/03/2026**

## Maidin Chaife

Beidh Maidin Chaife le Gaeilge do thuismitheoirí uile na scoile á reachtáil ag daltaí R6A mar chuid d'imeachtaí 'Coicís na Gaeilge'. Beidh an maidin chaife ar siúl sa scoil ar an Aoine 13 Márta óna 9:00 go dtí 10:30. Ba bhreá le R6A an oiread tuismitheoirí agus is féidir a fheiceáil ag an maidin chaife seo, tuismitheoirí ar bheagán Gaeilge nó a mhalairt.

## Coffee Morning

*A Coffee Morning with Gaeilge is being organised by the pupils of R6 for all the parents in the school as part of 'Coicís na Gaeilge'. The coffee morning will take place in the school hall on Friday, March 13th from 9:00 to 10:30. R6A would love to see as many parents as possible at this coffee morning, no matter how little or how much Gaeilge you can speak.*

**16/03/2026**

## Céilí Sheachtain na Gaeilge

Beidh Céilí Mór na Féile Pádraig ar siúl i rith am scoile ar an Luan 16 Márta. Ceadaítear do na páistí teacht ar scoil gléasta in éadaí glas, bán agus oráiste ar an lá sin.

Our St. Patrick's Day Céilí will take place during school hours on Monday, March 16th. The children may come to school dressed in green, white, and orange on that day.

**10/03/2026**

## Ceol sa Seomra Ranga - Ceolchoirm do Bhunscoileanna le Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta na hÉireann

Beidh R5 agus R6 ag dul go dtí an Ceoláras Náisiúnta Dé Máirt 10 Márta ar thuras sleodrach ceoil. Ó na téaduirlisí go dtí na tiompáin cuirfear na huirlisí atá sa cheolfhoireann siansach in aithne do na daltaí agus léireofar conas mar a úsáidtear na huirlisí éagsúla le scéal a insint go héifeachtach tríd an gceol.

## Music in the Classroom - *Primary Schools with the National Symphony Orchestra Ireland*

*R5 & R6 will be going to the National Concert Hall on Tuesday 10th March on an exciting musical journey. From soaring strings to thundering timpani, to discover the wonders of orchestral music and unlock secrets of symphonic storytelling!*



**19/03/2026**

## Scéal an Lae – Ceoláras Náisiúnta

Beidh daltaí R1 & R2 ag freastal ar chur i láthair darbh ainm 'Scéal an Lae' sa Cheoláras Náisiúnta ar an Déardaoin 19 Márta ag 11:30. Scéal láncheol ón údar do pháistí Mary Murphy is ea é seo faoi lá páiste amháin a dhéanann iontach an gnáthrud. Le ceol beo ón ConTempo Quartet agus an pianadóir Daniel Browell, cumtha ag Tom Lane agus scéalaíocht bhríomhar is beochan spleodrach á chur i láthair ag Branar.

## Story of the Day – NCH

*The pupils of R1 & R2 will attend a presentation called 'Story of the Day' at the National Concert Hall on Thursday, March 19 at 11:30. This music filled story from the children's author Mary Murphy tells the story of one child's day that turns into the extraordinary. With live music from the ConTempo Quartet and pianist Daniel Browell, created by Tom Lane, with vibrant storytelling and vivid animation brought to life by Branar.*



Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

**23/03/2026**

## Scagthástálacha Radharc & Éisteachta

Beidh Foireann ón HSE sa scoil ar an Luan agus ar an Mháirt 23 & 24 Márta le tástálacha radharc & éisteachta a dhéanamh ar dhaltaí na naíonáin shóisearacha. Seo an gnáth-scagthástáil a déantar ar dhaltaí uile na tíre ag an aois seo.

## Vision & Hearing Screening

*A team from the HSE will be in the school on Monday and Tuesday 23 & 24 March to carry out vision and hearing tests on the junior infants. This is a standard screening that is carried out nationally on all school going children of this age.*



**24/03/2026**

## Ceoldráma Coláiste Eoin/Íosagáin

Beidh daltaí R5 & R6 ag freastal ar cheoldráma na hidirbhliana i gColáiste Eoin/Íosagáin ag 10:30. An Bhean ón nGaoth (nó Mary Poppins) atá á chur i láthair acu.

## Musical – Coláiste Eoin/Íosagáin

*The pupils of R5 & R6 will attend the Coláiste Eoin/Íosagáin transition year musical at 10:30. They are putting on 'An Bhean ón nGaoth' (or Mary Poppins).*



**17/02/2026**




## Feachtas Trócaire don Charghas

**Trócaire - Le Chéile ar Mhaithe le Domhan Cóir**

Beidh boscaí Trócaire á dháileadh ar na daltaí inniu.
Más mian leat cabhrú le feachtas Trócaire an carghas seo is féidir leat tabhartas a thabhairt ar na bealaí seo a leanas:

- seic nó ordú poist a sheoladh ag Trócaire i gclúdach saorphoist
- tabhartas a thabhairt ar-líne ag trocaire.org/box
- do Bhosca Trócaire a thabhairt ar ais go dtí an scoil nó go dtí oifig do pharóiste i ndiaidh na Cásca.

## Trócaire Lenten Campaign

**Trócaire - Together for a Just World**

Trócaire boxes will be distributed to the students today. If you would like to support Trócaire's Lenten Campaign, you can make a donation in the following ways:

- send a cheque or postal order to Trócaire in the freepost envelope provided
- make an online donation at trocaire.org/box
- return your Trócaire Box to the school or to your parish office after Easter.

**27/03/2026**

## Dúnadh do Shaoire na Cásca

Dúnfaidh an scoil do Shaoire na Cásca ar an Aoine 27 Márta ag 12:00. Beidh an scoil dúnta ar feadh coicíse agus ansin osclóidh sí arís do théarma an tSamhraidh ar an Luan 13 Aibreán.

## Easter Holidays

*The school will close for the Easter holidays on Friday, March 27 at 12:00. The school will be closed for two weeks and will then reopen for the summer term on Monday, April 13.*

